MHC Coimisiún Meabhair-Shláinte | Mental Health Commission

IARRATAS (CHUIG LIACHLEACHTÓIR CLÁRAITHE) Ó BHALL DEN GHARDA SÍOCHÁNA I GCOMHAIR MOLADH CHUN DUINE A GHLACADH ISTEACH AR BHUN AINNEONACH (CHUIG IONAD CEADAITHE)

FOIRM 3

AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001
ALT 9 NÓ ALT 12
LEATHANACH 1 DE 2

CEANNLITREACHA BLOIC (Léigh na nótaí thall roimh duit an fhoirm seo a chomhlánú)

1. Tá an t-iarratas seo á dhéanamh de réir: **Alt 9** ☐ **NÓ** **Alt 12** ☐

2. Ainm Iomlán agus Seoladh Baile an DUINE atá le glacadh isteach chuig Ionad Ceadaithe

3. Dáta Breithe NÓ Aois (mura bhfuil Dáta Breithe ar eolas) ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ **Aois:** _____ **Inscne** F ☐ B ☐

4. Ainm Iomlán an IARRTHÓRA

5. Uimhir Teileafóin

Ainm Baiste: Sloinne:

Déanaimse iarratas ar mholadh i gcomhair ghlacadh isteach ainneonach an DUINE a ainmnítear thuas chuig

6. Ainm agus Seoladh Ionad Ceadaithe

Táim ag déanamh iarratas ar mholadh i gcomhair ghlacadh isteach ainneonach an duine a ainmnítear thuas mar

ABAIR:

7. An chúis go bhfuiltear ag déanamh iarratais

8. Aon cheangal atá ag an iarrthóir leis an duine

8. Na himthosca faoina ndéantar an t-iarratas

Tá mé i mo bhall den Gharda Síochána bunaithe ag

10. Ainm agus Seoladh an Stáisiúin Gardaí

Ní dhéanfaidh aon duine iarratas mura bhfuil an duine is ábhar don iarratas breathnaithe aige nó aici tráth nach faide ná 48 uair an chloig roimh an dáta a dhéantar an t-iarratas.

Is é an uair deireanach a rinne mé breathnú ar an duine ná

11. Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ **Am:** ☐☐:☐☐ **(clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41)**

Má diúltaíodh aon iarratas roimhe seo, abair, más eol

12. Ainm an dochtúra a dhiúltaigh an t-iarratas

13. Dáta diúltaithe ☐☐/☐☐/☐☐☐☐

14. Na himthosca a bhaineann don diúltú

- Is cion atá ann gan gach eolas atá agat a bhaineann le haon iarratas roimhe sin ar ghlacadh isteach ainneonach, agus an chúis ar diúltaíodh é, a nochtadh.
- Dearbhaím chomh fada is eol dom agus mar a chreidim nach bhfuil mé dícháilithe ón iarratas seo a dhéanamh ar chúiseanna atá leagtha síos in Alt 9(2) den Acht Meabhair-Shláinte 2001. (Tugtar cóip de Alt 9(2) sna nótaí thall).

Sínithe: _____ **Uimhir Garda:** _____

Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ **Am:** ☐☐:☐☐ **(clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41)**

Le húsáid faoi réir an Achta Meabhair-Shláinte 2001 amháin. Bíonn pionóis i gceist má thugtar faisnéis bréagach nó míthreorach.

Is treoir amháin atá sna nótaí agus ní ráiteas cruinn atá iontu ar fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte 2001.

Ní shainíonn an tAcht Meabhair-Shláinte (2001) "Duine Fásta". Ciallaíonn "Leanbh" duine faoi 18 bliana d'aois seachas duine atá nó a bhí pósta. Ciallaíonn Duine Fásta aon duine nach bhfuil clúdaithe faoin sainmhíniú ar "Leanbh" san Acht.

Lánscoireann an tAcht Sláinte 2004 na Boird Sláinte. Ní mór tagairtí do Bhoird Sláinte san Acht Meabhair-Shláinte 2001 a léamh mar thagairtí do Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte.

ALTANNA AN ACHTA MEABHAIR-SHLÁINTE 2001

3.- (1) San Acht seo ciallaíonn "neamhord meabhrach" tinneas meabhrach, tromnéaltrú nó míchumas suntasach intleachtúil ar neamhord meabhrach é a fhágann
(a) go bhfuil dóchúlacht mhór ann, mar gheall ar an tinneas, ar an míchumas nó ar an néaltrú, go ndéanfaidh an duine lena mbaineann díobháil láithreach agus tromchúiseach dó féin nó di féin nó do dhaoine eile, nó
(b) (i) mar gheall ar dhéine an tinnis, an mhíchumais nó an néaltraithe, go bhfuil dochar chomh mór sin déanta do bhreithiúnas an duine lena mbaineann gur dócha, mura ndéanfaí é nó í a ghlacadh isteach in ionad ceadaithe, go dtiocfadh meath mór ar a riocht nó go gcoiscfí cóireáil chuí a thabhairt dó nó di, ar cóireáil í nach bhféadfaí a thabhairt ach amháin tríd an duine a ghlacadh isteach amhlaidh, agus
(ii) gur dócha, dá ndéanfaí an duine lena mbaineann a ghlacadh isteach, a choinneáil agus a chur faoi chóireáil in ionad ceadaithe, gur thairbhe don riocht atá ar an duine sin nó go maolófaí an riocht sin go feadh méid ábhartha.

(2) I *bhfo-alt* (1) - ciallaíonn "tinneas meabhrach" staid mheabhrach duine a fhearann ar smaointeoireacht, ar aireachtáil, ar mhothúchán nó ar bhreithiúnas an duine agus a dhéanann dochar mór d'fheidhmiú meabhrach an duine go feadh méid a fhágann go bhfuil cúram nó cóireáil liachta ag teastáil uaidh nó uaithi ar mhaithe lena leas féin nó ar mhaithe le leas dhaoine eile;
ciallaíonn "tromnéaltrú" meath ar inchinn duine ar meath é a dhéanann dochar suntasach d'fheidhmiú intleachtúil an duine agus, dá bharr sin, a fhearann ar smaointeoireacht, ar thuiscint agus ar chuimhne, agus ina n-áirítear tromsiomptóim shíciatracha nó diansiomptóim iompraíochta ar nós ionsaitheachta fisicí;
ciallaíonn "míchumas suntasach intleachtúil" staid ina bhfuil forbairt meabhrach duine ina stad nó neamhiomlán ar staid í ina n-áirítear dochar suntasach d'intleacht agus d'fheidhmiú sóisialach agus iompar atá, ar thaobh an duine, ionsaitheach ar shlí mhínormálta nó go han-mhífhreagrach.

8.- (1) Féadfar duine a ghlacadh isteach in ionad ceadaithe ar bhonn ainneonach de bhun iarratais faoi alt 9 nó 12 agus é nó í a choinneáil ansin ar an bhforas go bhfuil neamhord meabhrach air nó uirthi.

(2) Ní fhorléireofar aon ní i *bhfo-alt (1)* mar ní lena n-údaraítear duine a ghlacadh isteach in ionad ceadaithe ar bhonn ainneonach de bhíthin amháin -
(a) go bhfuil neamhord pearsantachta ar an duine,
(b) gur duine claonaíoch é nó í go sóisialta, nó
(c) go bhfuil sé nó sí ina (h)andúileach i ndrugaí nó i meiscigh.

(3) Déanfaidh an Coimisiún, ó am go ham, treoirlínte a eisiúint don fhoireann in ionaid cheadaithe ar treoirlínte iad a bhainfidh le forálacha an ailt seo.

9.- (1) Faoi réir *fho-ailt (4) agus (6)* agus alt 12, i gcás ina mbeartaítear duine (seachas leanbh) a ghlacadh isteach in ionad ceadaithe ar bhonn ainneonach, féadfaidh aon duine de na daoine seo a leanas iarratas ar mholadh go nglacfar an duine isteach amhlaidh a dhéanamh chuig lia-chleachtóir cláraithe:
(a) céile an duine nó gaol leis an duine,
(b) oifigeach údaraithe,
(c) comhalta den Gharda Síochána, nó
(d) faoi réir fhorálacha *fho-alt (2)*, aon duine eile.

(2) Beidh na daoine seo a leanas dícháilithe chun iarratas a dhéanamh i leith dhuine -
(a) duine faoi bhun 18 mbliana d'aois,
(b) oifigeach údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána ar gaol é nó í leis an duine nó le céile an duine,
(c) comhalta de chomhlacht ceannais, nó duine d'fhoireann an ionaid cheadaithe nó an duine atá i bhfeighil an ionaid cheadaithe,
(d) aon duine a bhfuil leas aige nó aici sna híocaíochtaí (más ann) a bheidh le déanamh i leith aire a thabhairt don duine lena mbaineann san ionad ceadaithe lena mbaineann,
(e) aon lia-chleachtóir cláraithe a chuireann seirbhís liachta rialta ar fáil san ionad ceadaithe lena mbaineann,
(f) céile, tuismitheoir, seanathair nó seanmháthair, dearthár, deirfiúr, uncail nó aintín aon duine de na daoine a luaitear i míreanna (b) go (e) roimhe seo, cibé an gaol lánfhola, gaol leasfhola nó gaol ó chleamhnas é nó í,

(3) Is i bhfoirm a shonróidh an Coimisiún a dhéanfar iarratas.

(4) Ní dhéanfaidh aon duine iarratas mura rud é go mbeidh an duine is ábhar don iarratas breathnaithe aige nó aici tráth nach faide ná 48 n-uaire a chloig roimh an dáta a dhéantar an t-iarratas.

(5) I gcás ina ndéantar iarratas faoi fho-alt (1)(d), beidh ráiteas san iarratas maidir leis na cúiseanna a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh amhlaidh, maidir leis an mbaint atá ag an iarratasóir leis an duine lena mbaineann an t-iarratas agus maidir leis na himthosca ina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh.

(6) Aon duine a dhéanfaidh, chun críocha iarratais nó i ndáil le hiarratas, aon ráiteas is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach in aon sonra ábhartha, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(7) I mír (c) d'fho-alt (2), an tagairt do chomhalta de chomhlacht ceannais an ionaid cheadaithe lena mbaineann, ní fholaíonn sí tagairt do chomhalta de bhord sláinte.

(8) San alt seo -
ciallaíonn "oifigeach údaraithe" oifigeach do bhord sláinte atá i gcéim fhorordaithe nó i ngrád forordaithe agus atá údaraithe ag an bpríomh-oifigeach feidhmiúcháin chun na cumhachtaí a fheidhmiú a thugtar d'oifigigh údaraithe leis an alt seo;
ní fholaíonn "céile", i ndáil le duine, céile duine atá ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh ón duine agus scartha uaidh nó uaithi nó céile duine a bhfuil iarratas nó ordú faoin Acht um Fhoréigean Baile, 1996, déanta ina leith.

11.- (1) Más rud é, tar éis diúltú d'iarratas, go ndéanfar aon iarratas eile den sórt sin i ndáil leis an duine céanna, déanfaidh an t-iarratasóir, a mhéid is eol dó nó di na fíorais a bhain leis an iarratas roimhe sin agus maidir lena dhiúltú, na fíorais sin a lua leis an lia-chleachtóir cláraithe a bhfuil an t-iarratas eile á dhéanamh chuige nó chuici.

(2) Aon duine a sháraíonn *fo-alt* (1), beidh sé nó sí ciontach i gcion.

12.- (1) I gcás ina bhfuil cúis réasúnach ag comhalta den Gharda Síochána lena chreidiúint go bhfuil neamhord meabhrach ar dhuine agus gur dócha go mór, mar gheall ar an neamhord meabhrach, go ndéanfadh an duine díobháil láithreach agus díobháil thromchúiseach dó féin nó di féin nó do dhaoine eile, féadfaidh an comhalta, ina aonar nó ina haonar nó in éineacht le haon chomhaltaí eile den Gharda Síochána—
(a) an duine a thógáil i gcoimeád, agus
(b) dul isteach, le forneart más gá, in aon teaghais nó áitreabh eile nó in aon áit má tá cúis réasúnach aige nó aici lena chreidiúint go bhfaighfear an duine ansin.
(2) I gcás ina dtógann comhalta den Gharda Síochána duine i gcoimeád faoi fho-alt (1), déanfaidh sé nó sí, nó déanfaidh aon chomhalta eile den Gharda Síochána, iarratas láithreach ar mholadh chuig lia-chleachtóir cláraithe, i bhfoirm a shonróidh an Coimisiún.
(3) Beidh feidhm ag forálacha ailt 10 agus 11 maidir le hiarratas faoin alt seo mar atá feidhm acu maidir le hiarratas faoi alt 9 fara aon mhodhnuithe is gá.
(4) Más rud é go ndiúltaíonn an lia-chleachtóir cláraithe d'iarratas faoin alt seo de bhun fhorálacha alt 10, scaoilfear an duine is ábhar don iarratas saor as coimeád láithreach.
(5) Más rud é, tar éis iarratas a dhéanamh faoin alt seo, go ndéanfar moladh i ndáil le duine, déanfaidh comhalta den Gharda Síochána an duine a aistriú chuig an ionad ceadaithe a bheidh sonraithe sa mholadh.